# Nóra Mharcais Bhig

Léitheoireacht

Anailís

Treoracha Staidéir

Closleabhar

## Pointí Plé

| Pointí | Cód Ama | Ábhar Plé |
|---|---|---|
| Dearcthaí ar mhná | 3:20, 10:20 | Léiritear dearcthaí difriúla ar mhná sa scéal, ó Mharcas agus ó mhac Sheáin Mhaitiú. Cad é mar a léiríonn Ó Conaire na dearcthaí seo lena úsáid teanga? Cad é an léargas a thugann sé seo faoi stádas na mban in Éirinn ag an am? |
| Teanga an údair le domhan réadúil a chruthú | 05:00 | Úsáideann Ó Conaire teanga shaibhir le cur síos a dhéanamh ar ghluaiseacht, ar luas agus ar mhothúcháin. Cad é mar a chruthaíonn teanga an údair domhan níos réadúla don léitheoir? |
| Fadhbanna andúile agus filleadh ar an ól | 13:44 | Déanann Ó Conaire cur síos domhain ar fhadhbanna andúile Nóra sa scéal. An bhfuil trua agat do Nóra nuair a fhilleann sí ar an ól? |

Foghlaim TG4

# Nóra Mharcais Bhig

## An t-Údar

Rugadh Padráic Ó Conaire i dteach tábhairne a athar, i nGaillimh sa bhliain 1882. Fuair a thuismitheoirí bás nuair a bhí sé óg. Tá clú agus cáil air mar dhuine de na scríbhneoirí is tábhachtaí i bhforbairt nualitríocht na Gaeilge.

Thosaigh sé ag obair leis an Bhord Oideachais i Londain sa bhliain 1900. Chuaigh a eispéireas i Londain go mór i bhfeidhm air, agus fuair sé léargas domhain ar streachailt na n-eisimirceach Éireannach ansin.

Bhí baint mhór aige le Conradh na Gaeilge i Londain. Bhain sé duais in Oireachtas na Gaeilge sa bhliain 1904 dá scéal 'Páidín Mháire,' agus duais eile ar a aiste 'Seanlitríocht na hÉireann agus nualitríocht na hEorpa' sa bhliain 1908. Foilsíodh 'Nóra Mharcais Bhig' den chéad uair sa bhliain 1909. Scríobh Ó Conaire 26 leabhar, 473 scéal, 273 aiste agus 6 dhráma san iomlán le linn a shaoil.

Fuair Ó Conaire bás i 1928 ag aois 46.

## An Scéal

Scéal cumhachtach atá i Nóra Mharcais Bhig a fhiosraíonn éispeireas na heisimirce agus na fadhbanna a bhaineann le bród, náire agus le fadhbanna andúile.

Tosaíonn an scéal i Ros Dhá Loch, baile beag tuaithe. Tá iontas ar an phobal go bhfuil Nóra Mharcais Bhig ag imeacht go Sasana. Tá a hathair, Marcas, ag súil le Nóra a choinneáil sa bhaile trí phósadh a eagrú di agus an talamh a fhágáil mar oidhreacht aici. Nuair a deir sí leis go bhfuil sí ag imeacht, tagann teannas eatarthu. Déanann máthair Nóra iarracht Marcas a shuaimhniú, agus deir sí, "b'fhéidir gurb é lár a leasa é."

# Nóra Mharcais Bhig

Bíonn Nóra ag dúil le himeacht, ach tagann cumha agus brón uirthi an lá a fhágann sí. Deir daoine sa phobal go raibh sí i ngrá le mac Sheáin Mhaitiú, agus smaoiníonn sí siar ar an chaidreamh sin – mealladh í lena chuid focal deas, ach briseadh a croí nuair a cuireadh a cuid litreacha ar ais chuici. Imíonn sí go Londain, ach ní éiríonn go maith léi – tagann uaigneas agus brón uirthi. Faigheann sí post agus lóistín le bean uasal ach go gairid ina dhiaidh sin caitear amach ar an tsráid í agus tosaíonn sí ag ól.

Caitheann sí naoi mbliana i Londain, 'ag siúl na sráide' ag iarraidh dearmad a dhéanamh ar a baile agus ar an saol a d'fhág sí ina diaidh. Lá amháin feiceann sí mac Sheáin Mhaitiú lena bhean chéile. Cuireann sé sin isteach go mór uirthi agus ritheann sí isteach i séipéal. Labhraíonn sí le seansagart ann agus insíonn sí a scéal dó. Molann sé di filleadh abhaile.

Filleann sí ar Ros Dhá Loch. Tá athair Nóra thar a bheith sásta í a fheiceáil agus deir sé le daoine gurb ise a thug an t-airgead dó chun bád a cheannach. Ach tá Nóra lag, gan fuinneamh. Is léir go ndeachaigh an t-am i Londain i bhfeidhm ar a sláinte.

Lá amháin, téann sí chuig margadh sa tsráidbhaile in aice leo. Cloiseann sí ceol agus tagann fonn dí uirthi. Tagann fear óg chuici agus tugann sé cuireadh di deoch a ól leis, agus titeann sí ar ais sa sean-nós óil. Téann sí in olcas, ag damhsa agus ag ól go ragairneach, go dtí go dtiteann sí i gclaí, áit a dtagann athair uirthi níos moille. An lá dár gcionn deir sé léi go gcaithfidh sí imeacht arís go Sasana.

Críochnaíonn an scéal le híomhá de Mharcas ag glanadh ainm Nóra den bhád a cheannaigh sé. Tá a tragóid phearsanta ag croílár an scéil.

# Nóra Mharcais Bhig

## Úsáid Teanga

- Cur síos domhain ar mhothúcháin Nóra - Úsáideann Ó Conaire teanga shaibhir le cur síos a dhéanamh ar mhothúcháin Nóra. Mar shampla, amharc ar an dóigh a gcuireann sé síos ar a haistear ar an traein, ar shaol na cathrach agus ar ar an 'teach mór millteach,' i Londain. Is féidir le léitheoirí aithne níos fearr a chur uirthi mar charachtar dá bharr seo.
- Cur síos ar fhadhbanna na handúile - Pléann Ó Conaire go réadúil le fadhbanna andúile agus scrúdaíonn sé go géar ceisteanna a bhaineann le heisimirce.
- Struchtúr an scéil - Cé gur gearrscéal é, tá sé measartha fada mar scéal, agus roinneann Ó Conaire an scéal amhail is go bhfuil caibidlí ann.

## Carachtair

Nóra Mharcais Bhig:

- An príomhcharachtar. Tagann forbairt mhór uirthi le linn an scéil. Ag tús an scéil is éasca do mhac Sheáin Mhaitiú í a mhealladh, tá sí soineanta. Duine eile ar fad í ag deireadh an scéil.
- Is duine láidir neamhspleách í ón tús fosta, imíonn sí go Londain léi féin.
- Feiceann muid go seasann sí an fód in éadan a hathar nuair a chinneann sí dul go Londain ar dtús. Ach tá sí leochaileach sa chathair agus bíonn drocham aici. Éiríonn sí tugtha don ól.
- Filleann sí ar a baile ach sa deireadh, is duine tragóideach í. Tagann a handúil ar ais chuici agus caitear amach as an teach í, le dul ar ais go Sasana.
- Is siombail í do na heisimircigh Éireannacha a d'fhulaing fadhbanna andúile, bochtanais agus uaignis thar sáile.

# Nóra Mharcais Bhig

Marcas Beag:

- Athair Nóra. Is dócha go gcreideann sé go bhfuil sé ag déanamh a dhíchill ar son leas a chlainne.
- Ba mhaith leis saol a cuid páistí a stiúradh, in áit cead a thabhairt dóibh a roghanna féin a dhéanamh.
- Tá Marcas níos buartha faoi dhearcadh a gcomharsan ná leas a chuid páistí féin, i ndáiríre. Is fear bródúil é.

Mac Sheáin Mhaitiú:

- Ní thugtar ainm air d'aonturas.
- Mac Sheáin Mhaitiú a mheallann Nóra, agus a chruthaíonn an fhadhb di i dtús báire.
- Bíonn a dhóigh féin aige léi sula dtréigeann sé í. Níl sé ag iarraidh cás Nóra a bheith ag cur isteach ar a aisling le bheith ina dhochtúir.

Máthair Nóra:

- Tá an chuma uirthi go bhfuil sí faoi smacht ag a fear chéile.
- Is duine cineálta í a dhéanann iarracht comhairle a chur ar Mharcas, agus a thugann aire do Nóra nuair a thagann sí ar ais.

# Nóra Mharcais Bhig

## Ábhar Plé

- Cad é do bharúil faoi ról an reiligiúin agus na heaglaise sa scéal? Smaoinigh ar na fáthanna ar fhág Nóra an baile i dtús báire, ach chomh maith leis sin, an ar dóigh a bpléann an seansagart léi sa tséipéal.
- Cad é a deir an scéal seo faoi stádas na mban in Éirinn ag an am? Cad é a deir sé faoi dhearcthaí in Éirinn ag tús an chéid seo caite ar eisimirce agus ar andúile?

## Ceisteanna agus Tascanna

1. Inis an scéal do chara.
2. Déan taighde ar Phádraic Ó Conaire. Scríobh amach bileog eolais faoi.
3. Cad é do bharúil ar an rud a rinne athair Nóra ag deireadh an scéil, í a chur amach as an teach?
4. Cad é mar a bhaineann an t-údar úsáid as siombalachas sa scéal? Bain úsáid as sleachta ón scéal le tacú le do chuid pointí.